

RSA



# AG ULLMHÚ DON TÁSTÁIL TIOMÁNA

An tÚdarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre  
Road Safety Authority

Tá an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ag Obair chun Beatha Daoine a Shábháil.

# Más mian leatsa do thástáil tiomána a fháil déan cinnte go bhfuil na tástálacha s'againne faighte ag do theagascóir.

Ní féidir ach le teagascóirí tiomána a shásaíonn an caighdeán atá leagtha síos ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre a bheith ina dTeagascóirí Tiomána Ceadaithe (ADI).

Mar sin agus ceachtanna tiomána á gcur in áirithe agat, cinntigh gur Teagascóir Tiomána Faofa le láncheadúnas é an teagascóir.


Le tuilleadh mionsonraí a fháil féach

**[www.rsa.ie](http://www.rsa.ie)** nó  
déan teagmháil leis  
an Aonad ADI ar  
**096-25007** nó  
**[adi@rsa.ie](mailto:adi@rsa.ie)**

le teacht ar an  
Teagascóir Tiomána  
Faofa is gaire duit.



Approved Driving Instructor



## Cad é an cuspóir leis an Tástáil Tiomána?

### Tá an tástáil tiomána leagtha amach chun a fháil amach:

- an bhfuil Rialacha an Bhóthair ar eolas agat
- an bhfuil an t-eolas agus an scil agat le tiomáint go hinniúil de réir na rialacha sin
- an bhfuil ar do chumas tiomáint le haird chúí ar shábháilteacht agus ar chaoithiúlacht úsáideoirí bóithre eile

### Agus tú ag ullmhú don tástáil tiomána ba chóir duit:

- staidéar cúramach a dhéanamh ar Leabhrán Rialacha an Bhóthair
- teagasc a fháil ó Theagascóir Tiomána Faofa. Is féidir liosta a fháil de Theagascóirí Tiomána Faofa (ADI) agus a bhfuil an caighdeán is airde bainte amach acu, trí chuairt a thabhairt ar [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie).



- tiomáint ar gach cineál bóthair i ngach cineál coinníoll tráchta, lena n-áirítear tiomáint san oíche, a chleachtadh
- cur le do thaithí agus le do mhuintín ag tiomáint sula ndéanann tú iarratas ar thástáil
- féach ar shraith leabhrán an RSA don tiománaí faoi oiliúint maidir le carranna, gluaisrothair, trucaílí agus busanna, atá ar díol i siopaí leabhar.

### Seachain:

- cur isteach gan gá ar thrácht ná ar úsáideoirí bóithre eile
- do chuid tiomána a chleachtadh ar bhealaí tástála tiomána; cuireann brú tráchta ar na bealaí sin isteach ar chónaitheoirí agus ar iarratasóirí tástála araon.



## Imthosca Speisialta

### Ba chóir duit a chur in iúl don rannóg tástála tiomána roimh ré:

- má tá fadhb éisteachta tromchúiseach agat nó má tá tú bodhar
- má tá tú srianta ó thaobh gluaiseachta nó má tá tú faoi mhíchumas a d'fhéadfadh cur isteach ar do chuid tiomána
- má tá feithicil oiriúnaithe le roth stiúrtha, rialaitheoirí láimhe breise, etc. á tiomáint agat

Cinntefar mar sin nach mbeidh moill ann lá na tástála. Mura bhfuil ar do chumas Béarla a labhairt nó má tá tú bodhar, ceadaítear duit ateangaire a bheith leat. Ní cheadaítear do do theagascóir tiomána an ról sin a chomhlíonadh agus ní féidir leis an duine sin a bheith in éineacht leat le linn na tástála praiticiúla.

## Do Choinne

Eagraítear coinní do thástálacha tiomána san ord ina bhfaightear iarratais. Tá sé mar aidhm ag an RSA gur 10 seachtaine nó níos lú an meántréimhse feithimh náisiúnta a bheadh ann do thástáil tiomána. Braitheann ár gcumas freastal ar an sprioc sin ar an líon iarratas a thagann isteach ó ionaid éagsúla. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh an meántréimhse feithimh in ionaid tástála tiomána áirithe éagsúil ón 10 seachtaine atá thuas. Tá na tréimhsí feithimh reatha gach ionad le fáil ar ár láithreán gréasáin [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie).

Seans go bhféadfá dáta do thástála a shocrú an tráth a ndéanann tú iarratas ar thástáil. Braitheann sin ar dhátaí a bheith ar fáil san ionad a bhfuil tú ag déanamh iarratais chuige.

De ghnáth tabharfar fógra duit maidir le do choinne ceithre nó cúig seachtaine roimh do thástáil. Beidh am, dáta agus ionad na tástála leagtha amach ansin mar aon leis na coinníollacha nach mór freastal orthu. Léigh an fógra seo go cúramach le do thoil mar go bhféadfadh sé cuidiú leat fadhbanna a sheachaint ar an lá.

Leagfar amach ann freisin na coinníollacha a bhaineann le do choinne a chur ar ceal sa chás go mbeadh gá sin.

## D'fheithicil

Ní mór duit a chinntiú go gcomhlíonann an fheithicil atá agat don tástáil riachtanais na catagóire feithicle don tástáil sin. Soláthraítear an t-eolas seo leis an fhógra maidir le do choinne. Ní mór duit a chinntiú freisin go bhfuil an fheithicil ródacmhainneach.

## An Chéad Cheadúnas Foghlaimeora

Ní mór do shealbhóir Cheadúnas Foghlaimeora céaduaire (beidh an cód 991 curtha trasna ón gcatagóir ar do cheadúnas) sna catagóirí ceadúnais gluaisrothar, carr agus feithicil oibre (AM, A1, A2, A, B agus W) an Cheadúnas a bheith aige/aici ar feadh sé mhí sula ndéantar an tástáil tiomána. Mura sásaíonn tú na coinníollacha sin ní dhéanfar an tástáil ar an lá agus caillfidh tú do tháille.

## Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (EDT) agus Bunoiliúint Tosaigh (IBT)

Ní mór do shealbhóir Cheadúnas Foghlaimeora céaduaire do Charr nó do Ghluaisrothar tabhairt faoi chlár oiliúna tiománaithe struchtúrtha le Teagascóir Tiomána Faofa (ADI) roimh an tástáil a dhéanamh.

Maidir le tiománaithe cairr faoi oiliúint tugtar Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (EDT) air sin agus baineann sé leo siúd a bhfuil dáta tosaigh an 4 Aibreán 2011 nó ina dhiaidh sin ar a gcéad Cheadúnas Foghlaimeora do cheadúnas i gcatagóir B.

Tabhair ar aird le do thoil má tá tú faoi réir ag Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (EDT) ní shocrófar dáta do thástála go dtí go gcuirfidh do ADI an RSA ar an eolas go bhfuil 12 cheacht éigeantach tugtha chun críche agat.

Maidir le gluaisrothaithe is Bunoiliúint Tosaigh (IBT) a thugtar ar an oiliúint sin agus baineann sí leo siúd a bhfuil dáta tosaigh an 6 Nollaig 2010 nó ina dhiaidh sin ar a gcéad Cheadúnas Foghlaimeora do cheadúnais i gcatagóirí AM, A1, A2, A agus M.

## Lá na Tástála



Ba chóir duit a bheith i láthair sa áit feithimh den ionad tástála tamall roimh an am a bhfuil an choinne tástála agat. Má bhíonn tú déanach, ní dhéanfar an tástáil agus forghéillfear an táille. Ar bhaint amach an ionaid tástála duit suigh sa áit feithimh agus cuirfidh an Tástálaí Tiománaithe glaoch ort.

### Seiceálfaidh an tástálaí tiománaithe do chheadúnas foghlaimeora chun a fháil amach:

- go mbaineann sé leat
- go bhfuil sé suas chun dáta agus bailí ar lá na tástála
- gur don chatagóir cheart feithicle é

### Iarrfar ort ráiteas a léamh agus a shíniú a dheimhniú go bhfuil:

- an clúdach árachais atá agat dóthanach agus go bhfuil d'fheithicil ródacmhainneach

### An Tástáil

Tá an tástáil tiomána réasúnta díreach.

Mairfidh sé 40 nóiméad do charranna agus áireofar ann:

- ceistanna ar Rialacha an Bhóthair (lena n-áirítear comharthaí bóthair a aithint); comharthaí láimhe a léiriú
- cúlú timpeall ar choirnéal

- casadh timpeall ar an mbóthar
- tosú ar chnoc
- tiomáint ag thart ar 8km faoi choinníollacha éagsúla bóthair nó tráchta

Cuimhnigh, má dhéanann tú do thástáil i bhfeithicil le tras-seoladh uathoibríoch agus má éiríonn leat, ní chlúdóidh an ceadúnas tiomána tú ach le haghaidh feithicil uathoibríoch a thiomáint.

### **Déanfar measúnú ar do chuid tiomána sna himthosca seo a leanas:**

- ag tosú amach
- ag tiomáint i dtrácht
- ag stopadh
- ag cúlú timpeall ar choirnéal
- ag casadh chun d’aghaidh a thabhairt sa treo eile
- ag tosú ar chnoc
- ag páirceáil
- suíomh ar an mbóthar
- ag scoitheadh agus ag dul thar thrácht
- ag faire amach agus breathnóireacht
- úsáid scáthán agus comharthaí
- dul chun cinn
- luas
- cloí le soilse tráchta, comharthaí bóthair agus marcanna
- úsáid rialaitheoirí feithicle (luasaire, crág, gearanna, coscáin agus stiúradh)
- úsáid rialaitheoirí tánaisteacha ar nós cuimilteoirí, dínéaltóirí etc.

## Seiceálfar trí ghnéithe eile den tástáil tiomána:

- Go bhfuil a fhios agat conas na rialaitheoirí tánaisteacha, ar nós cuimilteoirí gaothscátha agus niteoirí gaothscátha, dínéaltóirí, téitheoir na cúlhuinneoga, soilse agus aerchóiriú (má tá sé suiteáilte) a fheidhmiú
- Ní mór fios a bheith agat freisin conas an suíochán, crios sábhála, an ceannbhac agus na scátháin a shocrú agus a chinntiú go mbeidh na doirse dúnta
- I gcás tástála gluaisrothair, ní mór duit a bheith in ann an gluaisrothar a bhaint dá sheastán. Ní mór duit a bheith in ann an clogad a shocrú freisin. Ní mór do ghluaisrothaithe sampla de choscánú a thabhairt agus sampla de ‘an bac a sheachaint’ a thabhairt freisin
- I gcás feithicle agus leantóir ní mór fios a bheith agat leis an leantóir a cheangal leis an bhfeithicil tarraingthe agus a bhaint di.
- I gcás tástála maidir le feithicil throm, ní mór fios a bheith agat conas an coscánú cumhachtchúnta agus córais stiúrtha a sheiceáil, agus conas aon mhoilleoir nó coscán sceithphíopa mar atá suiteáilte ar an fheithicil a úsáid
- Go bhfuil a fhios agat conas boinn, soilse, frithchaiteoirí, táscairí, ola an innill, fuarthán, leacht níocháin gaothscátha, stiúradh, coscáin agus bonnán a sheiceáil. Maidir le gluaisrothaithe, d’fhéadfadh sé go n-áireofar ar sheiceáil an slabhra agus an lasc stop éigeandála, má tá a leithéid suiteáilte.
- I gcás tástála bus, ní mór fios a bheith agat freisin conas an chomhla stoptha breosla agus an phríomhlasc cumhachta a fheidhmiú, agus conas aon doras cumhachtaithe atá suiteáilte ar an fheithicil a oscailt le lámh.

## Eolas úsáideach

- Tuigeann an tástálaí tiománaithe go bhféadfá a bheith neirbhíseach agus déanfaidh sé/sí iarracht tú a chur ar do shuaimhneas
- Ní thabharfaidh do thástálaí tiománaithe aon spreagadh ná comhairle duit, mar a rinne do theagascóir. Níor chóir go gcuirfeadh an cur chuige foirmiúil isteach ort mar go mbíonn sé amhlaidh lena chinntiú go dtugtar cothrom na féinne do gach iarratasóir.
- cé go dtabharfar treoracha soiléire duit le linn na tástála, sa chás nach dtuigeann tú treoir áirithe iarr ar an tástálaí an treoir a rá nó a shoiléiriú arís.



- Má dhéanann tú botún ná bíodh an iomarca imní ort. D'fhéadfadh sé nach mbeadh sé chomh tromchúiseach agus a cheapann tú agus ní gá go gciallódh sé nár éirigh leat sa tástáil.
- Níl sé ceadaithe do phaisinéirí eile seachas tástálaí tiománaithe agus/nó oifigigh eile de chuid an RSA a bheith in éineacht leat san fheithicil le linn na tástála praiticiúla. D'fhéadfadh sé go mbeadh duine in éineacht leis an tástálaí chun críocha oiliúna/maoirseachta. Cé gur féidir leis an oifigeach atá in éineacht leat nótaí a thógáil ní bheidh aon ionchur aige/aici i stiúradh nó i dtorthaí na tástála.



## Lochtanna Coitianta a Chuireann le Teip sa Tástáil

**Is iad seo a leanas na lochtanna is coitianta a bhíonn mar chúis go dteipeann ar iarrthóirí sa tástáil tiomána:**

- breathnóireacht nach bhfuil dóthanach nuair atáthar ag tosú amach, ag acomhail, ag timpealláin agus nuair atáthar ag athrú lánaí
- gan coinne a bheith agat le gníomhartha tiománaithe eile
- an suíomh mícheart ar an mbóthar ar bhóthar díreach, ar chastaí, ar chasadh ar chlé, ag casadh ar dheis agus nuair atáthar ag scoitheadh
- dul chun cinn nach bhfuil dóthanach ag acomhail, ag timpealláin, ar an mbóthar díreach agus nuair atáthar ag scoitheadh
- úsáid mhícheart, nach bhfuil dóthanach, nó nach bhfuil cuí maidir le scátháin agus comharthaí
- gan cloí le soilse tráchta, e.g. comharthaí bóthair agus marcanna bóthair agus soilse tráchta

- úsáid mhícheart, nach bhfuil dóthanach, nó nach bhfuil cuí maidir le rialaitheoirí na feithicle, lena n-áirítear gearanna, crág, luasaire, stiúradh, coscán láimhe, coscán coise agus rialaitheoirí tánaisteacha
- an iomarca luais le haghaidh suíomh an bhóthair nó na trácta
- gan ceart slí a ghéilleadh do dhaoine eile
- easpa inniúlachta ó thaobh cúlú agus iompú thimpeall

### Áirítear freisin ar lochtanna a bhíonn ar ghluaisrothaithe:

- gan ‘u’ chasadh a dhéanamh i gceart
- gan dóthain smachta ag luas mall
- gan breathnóireacht dhóthanach chun cúil
- comharthaí láimhe nach bhfuil ceart ná dóthanach
- easpa inniúlachta le linn gluaiseachtaí faoi leith

Níl an liosta lochtanna atá léirithe thuas uileghabhálach in aon chor. Ba chóir duit staidéar cúramach a dhéanamh ar Rialacha an Bhóthair agus an oiread cleachtadh a dhéanamh agus is féidir leat, i ngach cineál suíomh trácta le linn duit a bheith ag ullmhú don tástáil tiomána.





## Má theipeann ort:

Tabharfar tuarascáil mhionsonraithe duit maidir leis na lochtanna a tharla le linn na tástála. Tabhair aird ar leith ar na míreanna seo agus tú ag ullmhú don chéad tástáil eile gan neamhaird a dhéanamh, ar ndóigh, ar ghnéithe eile den tiomáint. Is féidir le duine nach bhfuil sásta leis an gcinneadh maidir leis an tástáil tiomána achomharc a chur faoi bhráid na Cúirte Dúiche cuí faoi Alt 33 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961. Féadfaidh an Chúirt Dúiche an t-achomharc a dhiúltú nó má táthar sásta nach raibh an tástáil déanta i gceart, treoir a thabhairt go dtabharfaí tástáil eile don iarratasóir gan táille eile a íoc.

Ní dhéanfaidh an Chúirt scrúdú ar lochtanna aonair a tharla le linn na tástála.

## An Ceadúnas Foghlaimeora

### Tionlacan:

Ní mór go mbeadh duine in éineacht leat ag a bhfuil láncheadúnas tiomána le dhá bhliain anuas don chatagóir fheithicle atá á tiomáint. Is iad seo na haon eisceachtaí a ghabhann leis sin:

- feithicil oibre a thiomáint (m.sh. tarracóir talmhaíochta) mura bhfuil sí curtha in oiriúint do phaisinéir
- gluaisrothar a thiomáint

Ní féidir le Sealbhóir Cheadúnas Foghlaimeora feidhmiú mar thiománaí tionlacain do thiománaí faoi oiliúint. Ní mór go mbeadh láncheadúnas ag an tiománaí tionlacain le dhá bhliain anuas ar a laghad. Níl deimhniú inniúlachta dóthanach chun feidhmiú mar thiománaí tionlacain.

Ba chóir do thiománaithe gluaisrothair seiceáil a dhéanamh sa chás go bhfuil siad srianta do ghluaisrothar le haschur cumhachta áirithe (kW) a thiomáint agus a chinntiú go gcloíonn siad leis na srianta sin. Tá sé mar fhreagracht ar an iarrthóir tástála a chinntiú go bhfuil an ceadúnas foghlaimeora ceart aige/aici don fheithicil ina bhfuil an tástáil le déanamh.

### “L”-Phlátaí:

Ní mór go mbeadh “L”-Phlátaí ar d’fheithicil, chun tosaigh agus chun cúil. Ba chóir gur “L” dearg ar chúlra bán a bheadh ann agus gan iad a bheith níos lú ná 15cm ar airde le ciumhais de 2cm ar a laghad.

Ní mór go mbeadh tabard buí á chaitheamh ag an nGluaisrothaí Foghlaimeora le “L”-Phlátaí nach lú ná 15cm ar airde ar chúlra bán, atá le feiceáil go soiléir i suíomh ingearach chun tosaigh agus ar chúl os cionn éadaí cliabhraigh.

I gcás tástála ina bhfuil leantóir i gceist, ní mór go mbeadh L-Phláta ar chúl an leantóra.

### **Motorbhealaí:**

Ní féidir leat tiomáint ar an mótarbhealach le ceadúnas foghlaimeora, fiú má tá deimhniú inniúlachta agat.

Má tá ceadúnas foghlaimeora agat le feithicil i gcatagóirí B, C1, C, D1 nó D a thiomáint, ní féidir leat an fheithicil a thiomáint le linn a bheith ag tarraingt leantóra.

### **Ag iompar paisinéara:**

- Ní féidir leat aon phaisinéara a iompair ar luaíocht
- ní féidir le gluaisrothaí paisinéir cúlóige a iompar
- Má tá tú ag tiomáint feithicil i gcatagóir W (m.sh. feithicil oibre nó tarracóir talún), ní féidir leat paisinéir a iompar ach amháin sa chás go bhfuil an fheithicil déanta/oiriúnaithe do phaisinéir a iompar agus go bhfuil láncheadúnas tiomána ag an bpaisinéir i gcatagóir W le dhá bhliain anuas ar a laghad.

Leis an tástáil tiomána a dhéanamh, ní mór duit ceadúnas foghlaimeora a bheith agat don chatagóir inar mian leat go dtástálfaí tú. Maidir le sealbhóirí cheadúnas foghlaimeora céaduaire, beidh an cód 991 le feiceáil ar an gceadúnas i gCatagóirí AM, A1, A2, A, B agus W agus ní mór dóibh fanacht sé mhí sula dtógann siad an tástáil tiomána.

Ní mór do shealbhóirí Cheadúnas Foghlaimeora céaduaire do Charr nó do Ghluaisrothar clár oiliúna tiomána struchtúrtha a dhéanamh le Teagascóir Tiomána Faofa (ADI) sula ndéanann siad an tástáil. Maidir le tiománaithe cairr faoi oiliúint tugtar Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (EDT) air sin agus baineann sé leo siúd a bhfuil dáta tosaigh an 4 Aibreán 2011 nó ina dhiaidh sin ar a gcéad Cheadúnas Foghlaimeora do cheadúnas i gcatagóir B. Maidir le gluaisrothaithe is Bunoiliúint Tosaigh (IBT) a thugtar ar an oiliúint sin agus baineann sí leo siúd a bhfuil dáta tosaigh an 6 Nollaig 2010 nó ina dhiaidh sin ar a gcéad Cheadúnas Foghlaimeora do cheadúnais i gcatagóirí AM, A1, A2, A agus M.



## Seirbhís do Chustaiméirí

Tá an RSA tiomanta d'fheabhsúchán leanúnach a chuid seirbhísí agus fáiltíonn sé roimh aon tuairimí nó aiseolas a bheadh agat. Más mian leat gearán foirmiúil a dhéanamh maidir le haon ghné den tástáil tiomána nó aiseolas a thabhairt maidir leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil, scríobh chuig:

An tIonad Tástála Tiomána,  
An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre,  
Béal an Átha, Co. Maigh Eo;  
is féidir leat glaoch a chur freisin ar 1890 40 60 40 nó  
ríomhphost a sheoladh chuig: [drivingtest@rsa.ie](mailto:drivingtest@rsa.ie)

Is mar threoir amháin atá an bhileog seo beartaithe agus ní hionann í agus léirmhíniú dlí.

Deireadh Fómhair 2013

# Ag Obair chun Beatha Daoine a Shábháil



## Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

### Road Safety Authority

Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín,  
Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo.  
Moy Valley Business Park, Primrose Hill, Dublin Road,  
Ballina, Co. Mayo

**LoCall:** 1890 40 60 40 **Fax:** (096) 78290

**Ríomhphost:** [drivingtest@rsa.ie](mailto:drivingtest@rsa.ie)

**Láithreán Gréasáin:** [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie)